



Cosain do naíonán nuabheirthe ar an Víreas Sincítiach Riospráide (RSV)

Cosain do naíonán ar RSV

Is féidir leat do naíonán nuabheirthe a chosaint ar an Víreas Sincítiach Riospráide (RSV) anois.

Céard is RSV ann agus cén fáth ar chóir dom mo naíonán a chosaint air?

Is víreas coitianta é RSV is cúis le hionfhabhtuithe riospráide i naíonáin óga. Is breoite a bhíonn naíonáin faoi bhun trí mhí d'aois nuair a tholgan siad RSV ná leanáí atá níos sine.

Gach geimhreadh in Éirinn, cuirtear ceathrar as gach 100 naíonán nuabheirthe san ospidéal de dheasca RSV, agus teastaíonn cóireáil speisialta in aonad dianchúraim i roinnt cásanna. Ina theannta sin, tolgann duine amháin as gach beirt naíonán nuabheirthe in Éirinn RSV sa gheimhreadh agus caithfidh an-chuid acu cúram leighis a fháil ó dhochtúir teaghlaigh nó sa rannóg éigeandála in ospidéal leanáí.

Is é nirsevimab an bealach is fearr le do naíonán a chosaint ar RSV.



Cén chaoi ar féidir liom mo naíonán a chosaint ar RSV?

Tá imdhíonadh ar a dtugtar nirsevimab á mholadh do gach leanbh a bheirtear idir Meán Fómhair 2024 agus Feabhra 2025. Cosnóidh sé seo do naíonán ar ionfhabhtú RSV le linn míonna an gheimhridh.

Is instealladh aonair é nirsevimab a thugtar isteach i matán leise an naíonáin. Tá sé saor in aisce. Tairgfear an t-imdhíonadh do do naíonán sula rachaidh sibh abhaile ón ospidéal máithreachais.

Céard is nirsevimab ann agus cén chaoi a n-oibríonn sé?

Is antasubstaint é Nirsevimab ar féidir leis cosaint a thabhairt i gcoinne RSV. Ní hionann é agus vacsaín, a spreagann an córas imdhíonachta le hantasubstaintí a tháirgeadh. Ina áit sin, tugann nirsevimab na hantasubstaintí féin go díreach do do naíonán. Ní chuireann nirsevimab isteach ar vacsaíní ná ar chógais eile a thugtar do naíonáin agus is féidir é a thabhairt ag an am céanna le hinstealltaí eile.

Céard iad na buntáistí a bhaineann le mo naíonán a chosaint ar RSV?

Tá nirsevimab an-éifeachtach agus cuireann sé cosc ar níos mó ná 80% d'ionfhabhtuithe RSV. Laghdaíonn sé freisin an baol go mbeidh ar do leanbh dul chuig an ospidéal chun cóir leighis a fháil nó go dtiocfaidh aimhréidheanna eile air nó uirthi de dheasca ionfhabhtú RSV.

Oibríonn sé láithreach bonn, rud a fhágann go mbeidh do naíonán cosanta agus sibh ag fágáil an ospidéil agus ag dul isteach i dtimpeallachtaí a bhféadfadh RSV a bheith ag scaipeadh iontu, amhail an baile nó an pobal.

Cosnóidh nirsevimab do naíonán ar RSV go ceann cúig mhí ar a laghad thar thréimhse an gheimhridh, tráth a mbíonn ardleibhéal RSV ag dul thart.

Tá an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh nirsevimab in Éirinn. Tá imdhíonadh RSV á mholadh i dtíortha eile san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil freisin.

An bhfuil nirsevimab slán sábháilte do mo naíonán?

Mar thoradh ar thrialacha cliniciúla mionsonraithe, staidéir mhóra eolaíocha agus taithí ó chlár eile imdhíonta nirsevimab san Eoraip, is eol dúinn go bhfuil nirsevimab idir shlán sábháilte agus éifeachtach. Rinne an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) nirsevimab a cheadúnú in 2022.

Céard iad na fo-iarmhairtí?

Níl fo-iarmhairtí coitianta. Ní thuairiscítear iarmhairtí éadroma ná mion-iarmhairtí ach i níos lú ná 1% de na naíonáin a fhaigheann nirsevimab. Ina measc siúd tá:

- deirge sa chraiceann san áit a bhfuair an naíonán an t-instealladh
- teocht éadrom,
- gríos éadrom.

Is annamh a thuairiscítear frithghníomhuithe ailléirgeacha

nó hipiríogaireacht. Déanfar dlúthmhonatóireacht ar do naíonán tar éis dó nó di an t-instealladh a fháil.

Níl aon RSV in imdhíonadh nirsevimab agus ní féidir leis a bheith ina chúis le haon bhreiteacht a bhaineann le RSV.

Beidh do dochtúir nó do chnáimhseach in ann aon cheist atá agat a fhreagairt.

Céard iad na roghanna eile?

Má dhéanann tú an cinneadh gan nirsevimab a thabhairt do do naíonán, ní bheidh sé nó sí cosanta ar RSV.

Beidh RSV ag scaipeadh i measc leanaí agus daoine fásta mar sin féin agus beidh an seans ann go dtolfaidh do naíonán é agus go n-éireoidh sé nó sí breoite dá bharr.

Má dhéanann tú an cinneadh gan do naíonán a imdhíonadh in aghaidh RSV, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort an baol go dtolfaidh do naíonán RSV a laghdú ar bhealaí eile:

- lámha a ní i gceart
- fanacht glan ar áiteanna plódaithe
- teorainn a chur le teagmháil le daoine a bhfuil comharthaí slaghdaín nó ionfhabhtuithe eile orthu.

Cé na daoine nár cheart dóibh nirsevimab a fháil?

Is féidir leis na cnáimhseacha nó leis na dochtúirí comhairle a thabhairt duit má bhraitheann siad nár cheart do do naíonán nirsevimab a fháil. Caithfidh an tsláinte a bheith go maith ag do naíonán nuair a thugtar nirsevimab dó nó di. I gcás go bhfuil monatóireacht á déanamh ar do naíonán le haghaidh

aon riocht, amhail fadhbanna leis an bhfuil, ionfhabhtú, deacrachtaí anáilithe nó leibhéal íseal siúcra san fhuil, d'fhéadfadh sé go gcuirfí siar nirsevimab go dtí go dtiocfaidh biseach ar do naíonán.

Cén áit ar féidir liom teacht ar a thuilleadh eolais?

Labhróidh na cnáimhseacha nó na dochtúirí leat faoin imdhíonadh nirsevimab agus freagróidh aon cheisteanna atá agat. Má dhéanann tú an cinneadh do naíonán a chosaint ar RSV, iarrfar ort toiliú ó bhéal a thabhairt go dtabharfaí an t-instealladh dó nó di.



Le tuilleadh eolais a fháil ó HSE
www.hse.ie/RSV



Chun féachaint ar fhaisnéis othar ó Ghníomhaireacht Leigheasra na hEorpa tabhair cuairt ar:
www.ema.europa.eu/en/medicines/human/EPAR/beyfortus